

Lá tábhachtach d'aontacht na hEorpa is ea an lá inniu.

Ar maidin, bhí sé d'onóir ag Parlaimint na hEorpa fáilte a chur roimh an Uachtarán Zelenskyy - sampla cruthanta de chrógacht, misneach agus teacht aniar mhuintir na hÚcráine. Labhair an tUachtarán Zelenskyy ónár seomra tionóil, ach airíodh na focail aige ar fud na hEorpa. Teachtaireacht láidir aontachta a bhí ann agus thug sé chun cuimhne nach cath ar son na críche amháin atá sa chath ar son na hÚcráine - ach gur cath é chun ár gcomhluachanna a chosaint freisin.

Is gearr go mbeidh bliain ann ó chuir an Rúis tús lena hionradh neamhdhleathach ar an Úcráin cheannasach agus neamhspleách. Is féidir linn a bheith bródúil as ár ndlúthpháirtíocht iomlán le muintir na hÚcráine.

Ach tá an cogadh san Úcráin fós ar siúl. Ní féidir linn géilleadh do thuirse an chogaidh - is é sin a bhfuil an Chreimil ag súil leis. Ba mhaith léi ár gcórais agus ár bhfoighne a ídiú.

Tá tuilleadh tacaíochta de dhíth ar an Úcráin fós.

Tá airm de dhíth ar an Úcráin. Sa chéad chéim eile den chogadh, beidh gá le níos mó armúr trom. Ní mór tancanna, scairdeitleáin agus córais chosanta fadraoin a chur san áireamh agus ní mór dúinn gníomhú go tapa sa réimse seo. Ní hé seo an t-am ár maidí a ligean le sruth.

Sin an chaoi ar féidir linn cabhrú leis an tsíocháin a bhaint amach. Síocháin le dínit. Síocháin le saoirse. Síocháin le ceartas.

Is ionann an Úcráin agus an Eoraip. Anuraidh, rinneamar an cinneadh stairiúil stádas mar iarrthóir ar bhallraíocht AE a thabhairt don Úcráin agus don Mholdóiv. Ní gníomh siombalach amháin a bhí ann, ach aitheantas láidir gur san Aontas Eorpach is ceart don Úcráin a bheith. Ní mór dúinn a bheith réidh beart a dhéanamh de réir ár mbriathair. Tá dul chun cinn suntasach á dhéanamh ag an Úcráin maidir le luas a cuid athchóirithe. Agus táim dóchasach go bhféadfaí tús a chur leis an gcaibidlíocht aontachais a luaithe is féidir - ar choinníoll go gcomhlíonfaidh an Úcráin na critéir uile is gá.

Léirimar an bhliain seo caite freisin gur féidir linn teacht le chéile chun aghaidh a thabhairt ar na dúshláin a bhaineann le gluaiseachtaí móra daoine. Tá sé léirithe againn gur féidir linn é seo a dhéanamh.

Bliain i ndiaidh bliana, reachtas i ndiaidh reachtais, is dúshlán arís agus arís eile é an imirce dúinn go léir ach, in ainneoin sin, níor éirigh linn teacht ar chomhaontú maidir le cur chuige fadtéarmach inbhuanaithe.

Tuigim go bhfuil an mealladh ann do gach duine againn tabhairt faoi inár n-aonar. Tuigeann na huathlaithe é seo. Déanann na daoine soiniciúla talamh slán de. Go deimhin, is sna hamanna deacra sin gur mó an gá dúinn an mhian sin a chur faoi chois.

Tá pointe amháin le déanamh agam: tá dúshlán ann a éilíonn freagairt Eorpach. Agus fiú más casta agus ilghnéitheach iad, ní mór dúinn teacht ar chomhaontuithe a théann i bhfad níos faide ná an fhreagairt láithreach, agus is féidir linn é sin a dhéanamh.

Leis an gComhaontú Eorpach maidir le hImirce agus Tearmann, tá plean againn cheana féin:

- Bhí go leor plé ann le déanaí maidir lenár dteorainneacha seachtracha a neartú, agus is ceart sin. Ach níor cheart dúinn dearmad a dhéanamh gur féidir linn tús a chur láithreach le haghaidh a thabhairt ar na saincheisteanna sin, agus sláine limistéar Schengen á caomhnú ag an am céanna, le comhaontú maidir leis an Rialachán maidir leis an Nós Imeachta Tearmainn agus Scagadh.
- Táimid ag labhairt faoi shaincheisteanna na ngluaiseachtaí tánaisteacha agus na dlúthpháirtíochta éifeachtaí a réiteach. Ach d'fhéadfaí na freagraí ar na díospóireachtaí sin a aimsiú leis na comhaontuithe maidir le Eurodac agus maidir leis an Rialachán maidir le Bainistiú Tearmainn agus Imirce.
- Agus táimid ag caint freisin faoin ngné sheachtrach agus faoinár n-iarrachtaí le tríú tíortha tábhachtacha. Agus tá an plé sin beartaithe cheana féin sa Rialachán maidir le Bainistiú Tearmainn agus Imirce. Chomh maith leis sin, ní mór dúinn níos mó plé a dhéanamh mar gheall ar dhaoine a chur as ais. Ní leor fós an méid daoine ar cheart iad a chur ar ais go sábháilte, nó a d'fhéadfaí iad a chur ar ais go sábháilte. Is deacair é sin a mhíniú don phobal. Is féidir linn níos fearr a dhéanamh. Is féidir linn a chinntiú go bhfuil ár n-acmhainní tiomnaithe dóibh siúd is mó a bhfuil gá acu leo.

- Is féidir leis an gComhaontú maidir le hImirce dul níos faide ná na saincheisteanna sin go léir fiú. Ina fhoirm iomlánaíoch, cumhdaítear leis freisin géarchéimeanna, *force majeure* agus cúinsí eile gan choinne.

Sin é an fáth nach féidir linn ár n-aird a bhaint den athchóiriú ar an gcreat reachtach maidir le Tearmann agus Imirce a thabhairt chun críche roimh dheireadh na tréimhse reachtaí seo.

Is é sin an gealltanús a thug Parlaimint na hEorpa agus na cúig Uachtaránacht rothlacha sa Chomhairle, gealltanús a tugadh do shaoránaigh na hEorpa i mí Mheán Fómhair na bliana seo caite. Nífhéachfar le haondíospóireacht lasmuigh den chreat sin ach moill a chur ar an athchóiriú sin nó bac a chur air fiú.

Ní tráth faillí é. Tá sé ríthábhachtach tús a chur leis an gcaibidlíocht idir an dá chomhreachtóir sna míonna atá le teacht, chun dóthain ama a thabhairt chun an chothromaíocht cheart a bhaint amach agus chun teacht ar chur chuige atá daonnúil agus cothrom leo siúd atá ag lorg cosanta, atá daingean leo siúd nach bhfuil incháilithe agus atá láidir leo siúd a dhéanann dúshaothrú ar na daoine is leochailí ar domhan.

Is eol daoibh faoi mar is eol dom nach bhfuil san imirce ach ceann amháin de na dúshláin atá os comhair na hEorpa faoi láthair. Tráth seo na héagobhsaíochta domhanda: an bhoilscithe aird, praghsanna costasacha fuinnimh, tionscail atá ag streachailt agus billí tí daora - ní mór dúinn cur leis an acmhainn is mó atá againn.

I mbliana, déanfar comóradh 30 bliain ar an Margadh Aonair. Le linn an ama seo, tá níos mó deiseanna feicthe againn do dhaoine, do ghnólachtaí agus do thomhaltóirí ná mar a samhláíodh riamh. Ós rud é gurb é an margadh *daonlathach* aonair is mó ar domhan é, neartaigh sé ár n-áit sa saol mór. Fiú amháin in amanna ina bhfuil ár mbealach Eorpach chun rudaí a dhéanamh á cheistiú. Táimid fós ag leagan síos caighdeáin domhanda. Toisc go bhfuil a fhios acu go n-oibríonn ár mbealach le sochaithe oscailte agus margaí oscailte.

Tá i bhfad níos mó le tairiscint ag an Eoraip ná mar a chuirimid inár leith.

Is féidir linn tógáil air sin. Cuirimis dlús leis an infheistíocht san Eoraip, chun geilleagar na hEorpa a chur ar ais ar chonair chobhsaí fáis agus sinn a dhéanamh níos iomaíche fós. Ní gá dúinn iarracht nua a chur orainn - tá maoiniú NextGenerationEU réidh agus ar fáil i gcónaí. Mar aon le hathbhreithniú ar CAI

a chuirfidh ar ár gcumas cistí a athdháileadh i dtráinsí nach raibh chomh suntasach sin agus muid i mbun caibidlíochta.

An tseachtain seo caite, tuairiscíodh go ndearna gnólachtaí fuinnimh agus leictreachais na brabúis is mó riamh in 2022. Tá an uain ann anois ár seacht ndícheall a dhéanamh maidir le cáin amhantair.

Tá a fhios agam go ndearnadh cinneadh roimhe seo ach nuair atáimid ag caint mar gheall ar thart ar 40 billiún Euro d'ioncam breise d'aon ghnólacht fuinnimh amháin, tráth ar theastaigh tacaíocht ó shaoránaigh agus ó ghnólachtaí, is léir dom go bhfuil neamhaird á dhéanamh i gcónaí orthu siúd atá i ngátar.

Léirítear sna réamhaisnéisí is déanaí go mbeidh an tAontas Eorpach in ann níos mó fuinnimh in-athnuaite a úsáid sna cúig bliana amach romhainn ná mar atá úsáidte aige le 20 bliain anuas. Ní bagairt é an gá atá leis an aistriú sin, ach deis.

Ar maidin, ghlac an Pharlaimint a seasamh maidir le Rialachán Gáis AE agus maidir leis an mórchomhad deireanach den phacáiste 'Oiriúnach do 55', an Treoir maidir le Feidhmíocht Fuinnimh Foirgneamh. Táimid ar na céimeanna deireanacha chun an creat rialála is gá a ullmhú don aistriú a chomhaontaíomar sa Dlí Aeráide Eorpach.

Ní mór don Aontas Eorpach iarracht a dhéanamh buntáiste iomaíoch a bhaint amach ar fud an domhain trí chloí lena luachanna daonlathacha agus trínár gclár oibre aeráide a shaothrú lenár gcreat rialála saincheaptha.

Agus an méid sin á dhéanamh agam, is fíor fós an méid a dúirt mé i mí na Nollag: ní mór dúinn a chinntiú nach dtugtar aon aird ar cé againn ar dtús a bhaineann bun an rása caomhnaitheachta amach. Ní gá dúinn sinn féin a chur i sáinn. Tá ár ngeilleagar tar éis fás thar na blianta go díreach toisc gur sheasamar ina choinne sin.

Tá feidhm lenár mbealach chun rudaí a dhéanamh.

Is fíor sin freisin agus muid ag iarraidh sláine, neamhspleáchas agus cuntasacht ár n-institiúidí a mhéadú. Chuige sin, is cúis áthais dom a chur in iúl daoibh gur ghlacamar na chéad bhearta tráthnóna inné agus táim muiníneach go leanfaimid de mhuintín a chothú arís sa Pharlaimint agus inár dtionscadal.

Ar deireadh, ba mhaith liom buíochas a ghabháil le Nicos Anastasiades - a éireoidh as oifig sa Chipir go luath tar éis 10 mbliana mar Uachtarán. Go raibh maith agat as a bheith tiomanta dár dtionscadal Eorpach, don tsíocháin agus don uile a rinne tú ar son na cobhsaíochta réigiúnaí le deich mbliana anuas. An té a thiocfaidh i gcomharbas ort, beidh dua orthu tú a shárú.

Go raibh maith agaibh.